C/2026/689

30.1.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/689)

Féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Judión de La Granja’

PGI-ES-03367 13.11.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Judión de La Granja’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ☒

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

07 – GLASRAÍ INITE AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE

0713 – Glasraí léagúmacha triomaithe, scilligthe, bídís scafa nó scoilte nó ná bídís

0713 39 – Eile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Piseánaigh thirime scilligthe de chuid an éicitíopa áitiúil den speiceas *Phaseolus coccineus* a bhaineann leis an bhfine *Fabaceas* nó *Leguminosae*, ar a dtugtar ‘Judión de La Granja’, atá saor ó ghalar, iomlán, glan agus beartaithe lena dtomhailt ag an duine.

Cuma phónairí triomaithe ‘Judión de La Granja’:

— Ar dhath bán aonfhoirmeach.

— Dromchla mín, gan aon scoilt ná gairbhe.

— Méid: An-mhór (meánn 100 síol idir 240 agus 320 gram).

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Cruth: cosúil le duán atá rud beag leacaithe.

— Toisí: Fad 25-35 mm agus tiús 8-13 mm,

Airíonna orgánaileipteacha na bpónairí nuair a chócaráiltear iad:

— Bíonn siad an-fhrithsheasmhach in aghaidh dianscaoilte le linn cócaireachta.

— Dromchla mín nó beagáinín garbh.

— Bíonn an craiceann chomh tanaí agus chomh bog sin gur ar éigean a bhíonn sé inbhraite.

— Bíonn uigeacht ime agus mhín ag an inspeirm nach mbíonn gráinneach agus í beagáinín plúrach.

Airíonna nuair a chócaráiltear:

— Ardacmhainn ionsúite uisce (níos mó ná 110 % tar éis 12 uair an chloig de mhaothú in uisce driogtha ag teocht idir 10 agus 20 °C).

Díoltar 'Judión de La Granja' mar phónairí triomaithe sa chatagóir tráchtála 'Breise'.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is iad na céimeanna táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe ullmhú na hithreach, síolchur, buaint, triomú agus roghnú na bpónairí lena gcur an bhliain dár gcionn. Ní mór an dá chéim dheireanacha a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe, ós rud é go bhfuil taithí na bhfeirmeoirí áitiúla ar a áirithiú go dtriomaíonn na pónairí i gceart, móide a saineolas ar na pónairí le haghaidh plandú a roghnú chun íonacht 'Judión de La Granja' a chosaint, cinntitheach i dtaca le cáilíocht an táirge.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir cáilíocht agus cáil an táirge sin a fheiceáil sa phraghas atá air, ar praghas é atá i bhfad níos airde ná praghas táirgí comhchosúla. Is é sin an fáth a bhfuil sé fíor-riachtanach barántúlacht thionscnamh an táirge a ráthú agus an fáth a bhfuil toirmeasc ar an táirge neamhphacáistithe (ar an mórchóir) a dhíol leis an tomhaltóir deiridh. Dá réir sin, ní mór na pónairí a dhíol agus iad pacáistithe, ach féadfar an pacáistiú a dhéanamh lasmuigh den limistéar geografach.

Díoltar an táirge mar phónairí tirime i bpaicéid lena ngabhann formáidí éagsúla suas le meáchan uasta 30 kg.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lipéad uimhrithe a bheith ar chúl aon chineáil pacáistíochta agus ní mór an t-ainm 'Judión de La Granja' a bheith le feiceáil ar an lipéad sin, mar aon le lógó an TGFC.

Ní mór don chuideachta pacáistithe chláraithe na lipéid a ghreamú agus sin a dhéanamh ar bhealach nach féidir iad a athúsáid.

Seo a leanas lógó an Táisc Gheografaigh Faoi Chosaint:



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn an limistéar geografach sainithe na bardais seo a leanas laistigh de chúige Segovia:

Aldealengua de Pedraza, Arcones, Basardilla, Brieva, Caballar, Casla, Collado Hermoso, Cubillo, El Espinar, Gallegos, Hontanares de Eresma, Ituero y Lama, La La Lastrilla, La Losa, Matabuena, Monterrubio, Navafría, Navas de Riofrío, Navas de San Antonio, Ortigosa del Monte, Otero de Herreros, Palazuelos de Eresma, Pedraza, Pelayos del Arroyo, Prádena, Real Sitio de San Ildefonso, San Cristóbal de Segovia, Santiuste de Pedraza, Santo Domingo de Pirón, Segovia, Sotosalbos, Torrecaberos, Trescas, Valsprados, Vegas, Matute de Villaz del Mont.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir an limistéar geografach agus pónairí 'Judión de La Granja' bunaithe ar cháil agus ar shaintréithe sonracha an táirge a éiríonn as an traidisiún seanbhunaithe a bhaineann leis na pónairí sin a shaothrú sa limistéar.

Is iad príomhthréithe 'Judión de La Granja' a dhath bán aonfhoirmeach agus a mhéid mhór (meánn 100 síol idir 240 agus 320 gram), rud atá fíor mar thoradh ar phróiseas roghnúcháin fada a thosaigh san ochtú haois déag nuair a tugadh na chéad síolta de phónaire mhór den speiceas *Phaseolus coccineus* de thionscnamh Mheicsiceo faoin ainm *ayocote* go Pálás Ríoga San Ildefonso de Segovia.

Ó tugadh go Pálás Ríoga San Ildefonso iad den chéad uair tráth thógáil Phálás La Granja in 1721, úsáideadh gairdíní glasraí an Pháláis agus an limistéar ar a dtugtar 'Viewership' chun na pónairí a fhás, mar fharae i dtús agus ina dhiaidh sin lena dtomhailt ag an duine. Ó tharla gur leanadh de na pónairí a fhás sa bhardas caomhnaíodh a bhféiniúlacht ghéiniteach. De réir a chéile, rinne roghnú na saothróirí áitiúla maidir leis na pónairí atá le hathphlandú gach séasúr claochlú ar dhath agus ar mhéid na bpónairí: ó chorcra scothdhubh go corcra níos éadroime ina raibh spotaí dubha, ansin go corcra bog, go dtí go bhfuair siad a mbáine reatha ar deireadh agus méid níos mó ná méid pónairí *ayocote* comhaimseartha.

Bhí ról lárnach ag an toisc dhaonna i dtaca le cáilíocht phónairí 'Judión de La Granja'. Is tosca cinntitheacha iad taithí na bhfeirmeoirí ar na pónairí a roghnú lena síolchur an bhliain dár gcionn, trí bhreathnóireacht amhairc ar a saintréithe feinitíopacha, chun a bhfuinneamh agus a gcumas péactha a áirithiú, agus chun íonacht an táirge a áirithiú. Coinníonn sé sin saintréithe aonfhoirmeacha ar bun i dtéarmaí crutha, méide, datha agus cáilíochta cócaireachta: ardchumas ionsúcháin uisce agus dea-fheidhmíocht nuair a chócaráiltear iad, rud a fhágann go mbíonn pónairí iomlána ann a fhanann gan bhriseadh, agus craiceann mín agus bog orthu. Is é an toradh atá air sin uigeacht bhog ime, inar ar éigean a bhraitear an craiceann, agus is é sin saintréith cháilíocht agus uathúlacht phónairí 'Judión de La Granja'.

Tá teicnící saothraithe áitritheoirí an limistéir mar thoradh ar bhlianta fada taithí agus tá siad mar an gcéanna a bheag nó a mhór leo siúd a d'úsáid a sinsir, le linn buaint a dhéanamh de láimh nuair atá na pónairí aibí go foirfe agus á dtriomú faoin ngrian, nó i dtrádstórais a aeráiltear go hoiriúnach, de réir chleachtas atá ann go dtí an lá atá inniu ann. Is saintréith ar leith de chuid 'Judión de La Granja' é a bheith réidh lena bhuaint ag tráthanna éagsúla. Ní féidir ach le feirmeoirí a bhfuil taithí acu ar an mbarr áitiúil sin a chinneadh cén uair atá an tráth ceart ann chun na chéad faighneoga a bhuaint, ar faighneoga iad a phioctar ceann ar cheann de ghnáth; agus atá in ann a áirithiú go bhfuil na pónairí triomaithe i gceart ionas gur féidir iad a bhaint as na faighneoga go héasca agus lobhadh a sheachaint, rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhadhb dá mbeadh cuid mhór taise fós ann sna plandaí nó dá mbeidís cruaite ró-ghar dá chéile; bíonn tionchar díreach ag na nithe uile thuas ar cháilíocht an táirge.

Chomh maith leis an ról mór atá ag roghnú forchéimnitheach le himeacht aimsire agus ag cleachtais saothraithe áitiúla, ní fhéadfadh saintréithe sonracha 'Judión de La Granja' teacht chun cinn gan na dálaí oiriúnacha aeráide agus ithreach a sholáthraíonn an timpeallacht áitiúil.

Cumhdaíonn an crios geografach cúige Segovia ón oirthuaisceart go dtí an t-oirdheisceart áit a bhfuil na hairdí sa raon ó 1 000 m go 2 400 m ag na pointí is ísle agus is airde. Tá an chuid is mó den limistéar táirgeachta suite ag airdí idir 1 000 m agus 2 000 m agus tá fána thuaidh shliabhraon Sierra de Guadarrama ann, atá comhdhéanta de na hábhair is sine ón mbonn Pailéasóch: eibhear agus naghas.

Saintréith eile de chuid an limistéir gheografaigh is ea an aeráid ilchríochach shuntasach lena ngabhann codarsnacht shuntasach teochtaí, toisc go mbíonn geimhrí an-fhuar agus samhraí tirime agus fionnuara ann. Sroicheann an bhogthaise chomhshaoil luachanna idir 0,8 agus 1,50. Baineann sé sin go díreach leis an airde, a shloinntear ó 1 000 méadar agus níos mó mar innéacs tuire (is é sin an cóimheas idir an mheánfhrasaíocht bhliantúil agus an t-imghalú a d'fhéadfadh a bheith ann, a ríomhtar trí úsáid a bhaint as modh Thornthwaite). Is ionann an leibhéal bogthaise sin, mar aon le grádán teochta lae agus oíche ar saintréith é de shamhraí fionnuara, agus meán na dteochtaí uasta sa mhí is teo faoi bhun 30 °C, agus dálaí aeráide optamacha d'fhás sláintiúil an phlanda, rud a chuireann cosc ar fhorbairt galar fungasach agus a dhéanann innéacs an limistéir dhuilligh, meáchan tirim na pónaire agus an líon pónairí a tháirgtear a chur chun cinn.

Tugann ithir ina bhfuil pH neodrach agus cion cailciam íseal craiceann níos tanaí agus níos boige do phónairí 'Judión de La Granja', mar gheall ar an gcion íseal ocsaláite cailciam, rud a mhéadaíonn a gcumas uisce a ionsú nuair a bhíonn siad maothaithe (níos mó ná 110 % tar éis a mhaothú ar feadh 12 uair an chloig). Bíonn tionchar díreach aige sin ar an gcainníocht uisce a ionsúnn gráinní stáirse agus codáin phróitéine na bpónairí agus iad á maothú, rud a éascaíonn próisis amhail geilitíniú an stáirse agus dínádúrú na bpróitéiní le linn cócaireachta, rud a laghdaíonn uigeacht phónairí 'Judión de La Granja', a threisíonn a ngné ime agus a laghdaíonn an t-am cócaireachta.

Ina theannta sin, tá an ithir áitiúil torthúil agus domhain, de raimhre mheánach agus dea-dhraenáilte, rud atá fíor-riachtanach chun go mbeidh rath ar phónairí 'Judión de La Granja', toisc gur féidir dochar a dhéanamh dóibh mar gheall ar easpa uisce agus/nó ar fharasbarr uisce, go háirithe le linn bláthaithe agus cur torthaí.

Maidir le cumasc an dá thoisc sin, is é sin le rá aeráid agus ithir, rannchuidíonn taithí na bhfeirmeoirí sa limistéar geografach maidir lena bheith in ann an tráth beacht le haghaidh na buainte a roghnú agus maidir lena áirithiú go dtriomaítear na pónairí i gceart, chomh maith lena saineolas maidir leis na síolta a roghnú chun íonacht 'Judión de La Granja' a áirithiú lena áirithiú go bhfaigheann an táirge a shaintréithe sonracha.

Mar gheall ar an traidisiún fada a bhaineann leis na pónairí sin a fhás sa limistéar geografach agus mar gheall ar a saintréithe uathúla, tá cáil iontach bainte amach ag 'Judión de La Granja' ó bhí lár na 1900í ann.

Rinne López Sanz, ar a dtugtar 'Cándido' go simplí, a bhí ina chócaire ar bronnadh teideal *Mesonero Mayor de Castilla* [Bialannaí is Fearr na Caistíle] air, in éineacht le Tomás Urrialde, cócaire de chuid Segovia a d'oibrigh ar feadh níos mó ná 40 bliain in *Mesón del Azoguejo*, (in aice Aqueduct Segovia), atá á bhainistiú ag Cándido ó bhí 1931 ann, 'Judión de La Granja' a iompú ina mhias shuaitheanta de chuid chúige Segovia.

Sa leabhar *El Judión de La Granja* (Sanz, I, 2023), insítear an scéal faoin gcaoi ar chothaigh Tomás Urrialde ráchairt ar phónairí Judión de La Granja agus ar a oideas is mó ráchairt (pónairí stofa agus ispín) agus faoin gcaoi ar chuir sé ar comhchéim iad leis an mias thraidisiúnta áitiúil eile a raibh cáil uirthi cheana féin an tráth sin is é sin le rá *cochinillo de Segovia* [muc dhiúil ó Segovia]. Ar an 15 Deireadh Fómhair 1955, d'fhógair cuallacht saineolaithe bia bhlaistithe a dtugtaí *Los Doce Apóstoles* [An Dáréag Aspal] orthu, a raibh cáil orthu mar gheall ar an tuiscint iontach a bhí acu ar bhlasanna agus ar thionchar suntasach na meán le linn a ré, do Cándido go mbeadh siad ag tabhairt cuairt ar an mbialann. Ba ghá gur gnáthmhiasa an réigiúin a bheadh sna miasa a roghnaíodh. Don phríomhchúrsa, ba í muc dhiúil an rogha shoiléir, ach cén cúrsa tosaigh a bheadh ann? Mhol Tomás Urrialde 'Judiónes de La Granja' a ullmhú, agus thacaigh sé lena mholadh trína lámh a bhualadh ar an mbord. Ní raibh Cándido cinnte. Ar deireadh, ghéill Cándido agus an lá a thug na léirmheastóirí bia cuairt ar an áitreabh, frioláladh pónairí, muc dhiúil agus *ponche segoviano* [Cáca spúinse Segovia ar maos i síoróip, srathaithe le *crème patissière*, clúdaithe le prásóg agus é maisithe le siúcra reoáin agus leis an bpatrún diamaint traidisiúnta]. Bhí lúcháir as cuimse ar 'Los Doce Apóstoles' mar gheall ar an gcumasc mias sin ó thaobh an chultúir de. Ó shin i leith, tá an cumasc sin tar éis teacht chun bheith ina ghnáth-biachlár de chuid Segovia.

Ina dhiaidh sin, ina leabhar *La Cocina Española* [Cócaireacht na Spáinne], a foilsíodh in 1970, chuir Cándido an t-oideas le haghaidh 'Judiones de La Granja' i measc níos mó ná míle oideas eile, ina bhailiúchán de chnuasach suntasach de stair chócaireacht réigiúnach na Spáinne.

Tar éis thabhairt isteach gastranamaíocht Judión de La Granja chuig *Cofradía de los Doce Apóstoles de la Gastronomía Española* [Cuallacht an Dáréag Aspal de Chócaireacht na Spáinne], agus tar éis an mhéadaithe ar an éileamh air, in 1975, cuireadh tús leis an bhféile ar a dtugtar 'Judiada de amigos'. Is ceiliúradh í an fhéile sin ar Judión de La Granja a mhaireann roinnt laethanta agus bíonn sé ar siúl gach bliain thart ar an 25 Lúnasa ar Lá Féile Naomh Louis, arb é éarlamh El Real Sitio de San Ildefonso - La Granja - é. Baineann os cionn 10 000 duine (dhá oiread dhaonra an bhardais) taitneamh as an ngnáthmhias áitiúil sin.

Tá gradaim éagsúla faighte ag pónairí 'Judión de La Granja' freisin, agus is iad seo a leanas na cinn is suntasaí díobh: an duais do *Mejor Alimento 2017: Legumbres de Castilla y León* [An Bia is Fearr in 2017: Piseánaigh ón gCaistíl agus León], arna bhronnadh ag an nuachtán *El Norte de Castilla*; Duais *Artesanos del año 2022* [Ceardaithe na bliana 2022], arna bronnadh ag *Artesanos de Castilla y León* [Ceardaithe ón gCaistíl agus León] as na léagúim is fearr (piseánaigh úra), agus duais *Premio alimento singular 2023* [Duais bhia aonair le haghaidh 2023], ó Chumann um Chothú Pobail na Spáinne (SENC), a tharraing aird ar an ról tábhachtach atá ag na pónairí i gcócaireacht Segovia.

Luadh an méid seo a leanas sa nuachtán *El Norte de Castilla*, ina alt dar teideal *Modestia y excelencia de comer legumbres* [Tíosacht inmholta agus an sármhaitheas a bhaineann le piseánaigh a ithe] (a foilsíodh i mí na Samhna 2017): Maidir le pónairí 'Judión de La Granja', a tháinig ó Pheiriú mar fharae agus a bhain uaisleacht amach ansin trí ithir agus aeráid Segovia chun bheith ina sócamas ollmhór, bíonn beagnach lán spúnóige díobh ann in aghaidh gach pónaire.

I sliocht eile ón nuachtán *The Guardian*, dúirt Nigel Slater, an scríbhneoir bia cáiliúil, an méid seo a leanas maidir lena oidis pónaire: 'Dá mbeadh orm an pónaire is fearr liom d'fhine na bpónairí a roghnú, is dócha go roghnóinn an Judion, nó Judion de la granja – an phónaire mhór. Is dóigh gurb é an ceann is mó den fhine é, ach is é cruth leacaithe agus cháilíocht shleamhain na pónaire a fhágann gurb í, arb í banríon na bpiseánach uile í, an ceann a roghnóinn thar aon cheann eile.'

Alt a bhaineann go sonrach le pónairí 'Judión de La Granja', dar teideal *Judiones de La Granja: Un guiso aldrededor de un palacio* [Judión de La Granja: Stobhach pónairí timpeall páláis ríoga], a foilsíodh i roinn bia *El País*, ar a dtugtar *El Comidista* (Márta 2023), labhraítear faoi thionscnamh na bpónairí agus faoin gcaoi, ó bhí na 1950í ann, ar úsáideadh an chineál is cruinne agus is ime mar an príomh-chomhábhar i stobhach clasaiceach glasraí agus phiseánach Segovia.

Rinneadh go leor craoltaí freisin faoi 'Judión de La Granja' ar fud meáin éagsúla, lena n-áirítear cláir theilifíse amhail *Aquí la Tierra* ó líonra teilifíse poiblí na Spáinne, RTVE, le teidil amhail *Judiones segovianos, oro en el plato* [Pónairí ó Segovia, ór ar phláta], ón 14 Samhain 2014; nó *La delicadeza de un judión* [Sócamas pónaire] ón 24 Deireadh Fómhair 2018, inar tugadh faoi deara uigeacht, dath agus méid mhór íogair agus ime 'Judión de La Granja'.

Áirítear na pónairí sin freisin in *Inventario de Productos Agroalimentarios de Calidad de Castilla y León* [Fardal tháirgí agraibhia ardcháilíochta na Caistíle agus León] de chuid Rialtas Phobal Féinrialaitheach na Caistíle agus León, agus áiríonn an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia é ar a leathanach gréasáin *Alimentos de España* [Bia na Spáinne], i roinn na bpiseánach, agus déantar cur síos air mar a leanas: 'Pónaire bán atá mór ó thaobh méide de. Dúchasach do chúige Segovia.'

Thairis sin, tá stair iomráiteach ag 'Judión de La Granja', ós rud é go bhfuil dlúthbhaint aige le Real Sitio de San Ildefonso agus le tógáil Phálás La Granja ag Philip V na Spáinne (Spáinnis: Felipe V) mar áit chónaithe samhraidh dó féin agus a bhanchéile Elisabeth Farnese (Spáinnis: Isabel de Farnesio) a raibh ról tábhachtach aici i dtabhairt isteach an bhairr sin. Dealraíonn sé gurbh í an Bhanríon, a raibh grá aici do lámhach piasún, a thug isteach roinnt pónairí ó Mheiriceá Theas mar bheatha do na héin sin, agus ba é príomhthréith na bpónairí a méid mhór.

Sa chéad treoirleabhar scríofa maidir leis an bPálás Ríoga, a d'fhoilsigh Martín Santos Sedeño in 1854, tugtar tuairisc ar na dáileachtaí talún ar a dtugtar *Partida de la Reina y la Huerta* [dáileacht talún na Banríona agus gairdín na Cistine] nó *Partida del Rey* [dáileacht talún an Rí] mar limistéir a úsáidtear chun na pónairí sin agus glasraí eile a fhás. Ar an 28 Márta 1869, thagair an nuachtán *El Nuevo Siglo Ilustrado* do phónairí 'Judión de La Granja' mar tháirge íocónach agus uaslathach ó chúige Segovia.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh:

https://www.itacyl.es/documents/20143/342640/PCC+IGP+Judi%C3%B3n+de+La+Granja.pdf/175d6c76-18ff-d07f-5a90-bc4e759284e7?t=1760011984701